AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.11.2026
COM(2026) 1110 final

2026/0357 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoracha 2011/83/AE agus 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha áirithe cosanta tomhaltóirí a shimpliú**

{SEC(2026) 1100 final} - {SWD(2026) 1100 final} - {SWD(2026) 1101 final} - {SWD(2026) 1102 final}

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá athrú ó bhonn tagtha ar eispéiris na dtomhaltóirí mar gheall ar an ré dhigiteach. Cumasaíodh leis an ré sin rochtain níos tapúla, níos áisiúla agus níos leithne ar raon earraí agus seirbhísí atá ag síormhéadú. An tráth céanna, tá bealaí nua agus níos sofaisticiúla chun tionchar a imirt ar roghanna tomhaltóirí tagtha chun cinn mar gheall uirthi. Mar aon leis na tairbhí doshéanta a bhaineann le rogha agus éifeachtúlacht, leis an úsáid fhorleathan a bhaintear as teicneolaíochtaí digiteacha, is féidir go ndéanfaidh cleachtais tráchtála éagóracha, idir sheanchleachtais agus chleachtais nua araon, difear do thomhaltóirí ar scála, rud a chuireann leis na rioscaí dá leasanna eacnamaíocha, agus dá bhfolláine mheabhrach agus fhisiceach.

Sa tSeiceáil Oiriúnachta ar dhlí tomhaltóirí an Aontais maidir le cothroime dhigiteach[1], rinneadh meastóireacht ar Threoir 2005/29/CE maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha[2], ar Threoir 2011/83/AE maidir le Cearta Tomhaltóirí[3] agus ar Threoir 93/13/CEE maidir le Téarmaí Éagóracha Conartha[4] le linn na tréimhse 2017-2023. Tháinig sí ar an gconclúid go bhfuil na trí Threoir sin fós ábhartha agus riachtanach chun ardleibhéal cosanta tomhaltóirí ar líne agus feidhmiú éifeachtach an Mhargaidh Aonair Dhigitigh a áirithiú. An tráth céanna, sainaithníodh ann roinnt cleachtais achrannacha dhíobhálacha atá ag teacht chun cinn agus a mbíonn ar thomhaltóirí aghaidh a thabhairt orthu ar líne, idir dhearaí comhéadain meabhlacha, margaíocht mhíthreorach praghsanna ar líne agus gaistí síntiúis agus chleachtais tráchtála ionramhálacha sonraíbhunaithe. Tarraingíodh aird sa tSeiceáil Oiriúnachta freisin ar bhearnaí agus éiginnteachtaí dlíthiúla sa reachtaíocht maidir le cosaint tomhaltóirí a dhéanann difear suntasach do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí araon. Ar deireadh, sainaithníodh inti acmhainneacht theoranta áirithe maidir le simpliú agus laghdú ualaigh, go háirithe maidir le hábhair a rialaítear le Treoir 2011/83/AE.

I gcomhréir leis an gCompás Iomaíochais, tá simpliú agus laghdú ualaigh ar cheann de spriocanna uileghabhálacha an Choimisiúin. Thionóil an Coimisinéir McGrath Idirphlé maidir le Cur Chun Feidhme an 15 Iúil 2025 inar díríodh ar dhlí na dtomhaltóirí a shimpliú sa timpeallacht dhigiteach[5]. Dheimhnigh an tIdirphlé go bhfuil na hualaí ar ghnólachtaí a eascraíonn as dlí cothrománach tomhaltóirí an Aontais teoranta (e.g. níl aon oibleagáid tuairiscithe ann), ach tá deis ann simpliú spriocdhírithe a dhéanamh. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Clár Oibre 2030 um Thomhaltóirí, ba dhíol sásaimh di an aidhm rialacha a shimpliú do ghnólachtaí agus chuir sí i dtábhacht go láidir gur cheart maorlathas nua míchuí a sheachaint[6].

---

1 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, *Fitness Check of EU consumer law on digital fairness* [Seiceáil Oiriúnachta ar dhlí tomhaltóirí an Aontais maidir le cothroime dhigiteach], SWD(2024) 230 final, 3.10.2024.

2 Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).

3 Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).

4 Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29).

5 An Coimisiún Eorpach, Idirphlé maidir le cur chun feidhme i ndáil le cosaint tomhaltóirí sa timpeallacht dhigiteach leis an gCoimisinéir Michael McGrath, 2025.

6 Conclúidí ón gComhairle maidir le Clár Oibre 2030 um Thomhaltóirí, an 26 Feabhra 2026.

Freagraíonn an togra seo do na riachtanais shainaitheanta maidir le simpliú agus laghdú ualaigh. Ní mór é a léamh i gcomhar leis an togra le haghaidh Gníomh um Chothroime Dhigiteach.

Is cuid den Chlár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) é an togra seo agus cuireann sé le simpliú, agus aird ar leith á tabhairt ar FBManna. Meastar go mbeidh coigilteas foriomlán ann mar thoradh ar na bearta laghdaithe ualaigh a áirítear sa tionscnamh seo.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo comhleanúnach le tosaíochtaí eile de chuid an Aontais agus le tosaíochtaí an Choimisiúin maidir le cosaint tomhaltóirí. Leasófar Treoir 2011/83/AE maidir le Cearta Tomhaltóirí chun ualaí riaracháin ar thrádálaithe atá ag oibriú sa mhargadh inmheánach a laghdú gan cur isteach ar chuspóir foriomlán an Aontais ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a áirithiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhleanúnach freisin leis an gcreat rialála digiteach atá ann cheana, lena n-áirítear an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD), an Gníomh um Margaí Digiteacha (GMD) agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus tionscnaimh leanúnacha, amhail an Omnibus Digiteach agus an t-athbhreithniú ar Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc. Féachann sé freisin le comhsheasmhacht a bhaint amach leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh an Ghnímh AE um Leas an Linbh ar Líne (EU KIDS Act).

Le cur i bhfeidhm comhlántach an chreata rialála dhigitigh agus ionstraimí dlí tomhaltóirí, áirithítear cosaint chuimsitheach éifeachtach tomhaltóirí[7]. Is féidir leis rannchuidiú le forfheidhmiú éifeachtúil i gcás ina gcomhordaíonn údaráis chun an réiteach is oiriúnaí a chur i bhfeidhm[8].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Déantar foráil in Airteagal 114 CFAE maidir le comhfhogasú dlíthe agus cuirtear de cheangal ar an Aontas leis ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a bhaint amach, chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh dá bhforáiltear in Airteagal 26 CFAE a áirithiú. Meabhraítear in Airteagal 169 CFAE agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha (Airteagal 38) an aidhm maidir le hardleibhéal cosanta tomhaltóirí, agus tagraítear go sonrach in Airteagal 169 CFAE do shláinte, sábháilteacht agus leasanna eacnamaíocha tomhaltóirí a chosaint.

Is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí iomchuí. Is é is aidhm don togra bacainní ar sholáthar trasteorann earraí agus seirbhísí i margaí digiteacha a laghdú, trí rialacha sonracha Threoir 2011/83/AE a shimpliú chun ualaí riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú agus chun deimhneacht

[7] Léirítear cur i bhfeidhm comhlántach an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha agus dhlí na dtomhaltóirí, mar shampla, le gníomhaíochtaí comhthreomhara an Choimisiúin agus an Ghréasáin CCT maidir le hionaid margaidh ar líne Temu agus Shein. Sna himeachtaí sin, tá an gréasán CCT ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna cosanta tomhaltóirí amhail lascainí bréige, brúdhíol, cluichiú éigeantach, faisnéis atá in easnamh agus atá míthreorach maidir le cearta dlíthiúla tomhaltóirí, léirmheasanna bréige agus sonraí teagmhála folaithe.

[8] Féach e.g. Reyna, A., *'Interdisciplinary enforcement in competition and data protection law'* (2025).

dhlíthiúil a fheabhsú do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí. Tagann an réimse beartais faoi inniúlacht roinnte de bhun Airteagal 4(2)(a) agus (f) CFAE. Dá bhrí sin, tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta, agus tá an togra faoi réir an tsásra rialaithe coimhdeachta faoi Phrótacal Uimh. 2.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is saincheisteanna trasteorann agus sistéamacha go bunúsach iad saincheisteanna cosanta tomhaltóirí, go háirithe sa réimse digiteach, saincheisteanna a eascraíonn as margaí digiteacha a fheidhmíonn ar fud an Aontais. Beagnach leathchuid de na freagróirí ar an suirbhé gnó a rinneadh don Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an tionscnamh (48 %; 592 as 1 232), d'aontaigh siad nó d'aontaigh siad go láidir go gcuireann easpa rialacha comhchuibhithe an Aontais srian ar an inscálaitheacht ar fud na mBallstát, agus dheimhnigh os cionn leath díobh (i.e. 52 %; 645 as 1 235) go gcuireann difríochtaí i gcur chun feidhme náisiúnta dhlí an Aontais bac ar thrádáil trasteorann.

Tá breisluach mór ag baint le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais. Léirigh torthaí na suirbhéanna spriocdhírithe a rinneadh le haghaidh na Seiceála Oiriúnachta go raibh comhdhearcadh ann maidir leis an mbreisluach AE a bhaineann le rialacha comhchuibhithe sa réimse digiteach do thrádálaithe agus do thomhaltóirí ar fud an Aontais. Leis na bearta simpliúcháin a mholtar sa Treoir seo, laghdófar an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí, lena n-áirítear FBManna.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach. Mar a thuairiscítear i Roinn 6 den Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair, rinneadh measúnú ar na roghanna beartais agus ar na bearta simpliúcháin sonracha agus comhréireacht réamh-mheasta na mbeart a áirítear á cur san áireamh freisin. Is iad na bearta sin an rogha is lú cur isteach a d'fhéadfadh an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach agus, dá bhrí sin, tá siad comhréireach, mar a mhínítear i Ranna 7.2 agus 7.4 den Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair.

- **An rogha ionstraime**

Is i bhfoirm treorach atá an togra chun Treoracha 2011/83/AE agus 2002/58/CE a leasú.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Sa tSeiceáil Oiriúnachta ar dhlí tomhaltóirí an Aontais maidir le cothroime dhigiteach, rinneadh meastóireacht ar Threoracha 2005/29/CE, 2011/83/AE agus 93/13/CEE i gcomparáid leis na cúig chritéar maidir le rialáil níos fearr le linn na tréimhse 2017-2023. Féadfar achoimre a dhéanamh ar na conclúidí uaithi mar seo a leanas:

– Éifeachtacht: níl na treoracha éifeachtach ach go páirteach ós rud é go bhfuil gearáin ó thomhaltóirí agus díobháil fós ard, go bhfuil éiginnteacht dhlíthiúil agus bearnaí dlíthiúla fós ann, agus go bhfuil baol ann go mbeidh ilroinnt rialála agus forfheidhmiú neamhleor ann;

– Comhleanúnachas: tá comhleanúnachas inmheánach comhsheasmhach ann eatarthu a threisíonn a chéile agus baintear comhleanúnachas seachtrach amach go ginearálta trí chomhlántacht le reachtaíocht eile de chuid an Aontais;

– Éifeachtúlacht: dearfach freisin agus teorainn ann toisc go bhfuil na costais agus na tairbhí cothromaithe ar leibhéal na sochaí agus nach meastar go bhfuil costais chomhlíontachta ard, agus tairbhí suntasacha ann do thomhaltóirí, do thrádálaithe agus d'údaráis comh maith le réimsí sonracha a d'fhéadfaí a shimpliú (e.g. oibleagáidí faisnéise, ceart chun tarraingt siar);

– Breisluach AE: Baineann creat dlíthiúil an Aontais torthaí atá píosa níos fearr nó i bhfad níos fearr amach ná mar a d'fhéadfadh na Ballstáit a bhaint amach agus iad ag gníomhú ina n-aonar;

– Ábharthacht: dearfach agus teorainneacha ann: Tá na cuspóirí fós an-ábhartha agus tá tairbhí ag baint le creat líontáin sábhála atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Beidh tionchar ag forbairtí éagsúla teicneolaíochta agus margaidh ar an oiriúnacht don fheidhm agus meastar go ndéanfaidh siad amhlaidh ar luas níos tapúla amach anseo (e.g. méadú ar úsáid IS, uathoibriú, pearsantú). Beidh tionchar ag cur i bhfeidhm reachtaíocht eile de chuid an Aontais ar an ábharthacht.

• **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, rinneadh comhairliúcháin fhorleathana chun rannpháirtíocht leathan páirtithe leasmhara a áirithiú.

Cuimsítear an méid seo a leanas sna gníomhaíochtaí comhairliúcháin:

– Comhairliúchán Poiblí, a bhí ar oscailt d'aiseolas ón 17 Iúil 2025 go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2025;

– Glao ar Fhianaise a foilsíodh ar an tairseach 'Cloisimis uait', a bhí ar siúl i gcomhthráth leis an gComhairliúchán Poiblí;

– Suirbhé cainníochtúil ar ghnólachtaí;

– Suirbhé cainníochtúil ar thomhaltóirí (15 bliana d'aois nó níos sine);

– Suirbhé cainníochtúil ar leanaí (idir 7-14 bliana d'aois);

– Sraith turgnamh iompraíochta le tomhaltóirí (15 bliana d'aois nó níos sine);

– Sraith turgnamh iompraíochta le mionaoisigh (12-17 mbliana d'aois);

– Taighde cáilíochtúil (plé grúpa fócais) le mionaoisigh (12-17 mbliana d'aois);

– Trí shuirbhé spriocdhírithe ar pháirtithe leasmhara le:

  - Comhlachais ghnó;
  - Comhlachais tomhaltóirí;
  - Údaráis phoiblí.

– Agallaimh spriocdhírithe le páirtithe leasmhara le hionadaithe ó ghnólachtaí, comhlachais ghnó lena n-áirítear ionadaithe FBManna, comhlachais tomhaltóirí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leanaí, ar an óige agus ar ghrúpaí leochaileacha eile, agus acadóirí;

– Plé comhchéime leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir le hábhair shonracha;

– Comhairliúchán le mionaoisigh trí Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí;

– Idirphlé maidir le Cur Chun Feidhme leis an gCoimisinéir McGrath i ndáil le cosaint tomhaltóirí sa timpeallacht dhigiteach an 15 Iúil 2025;

– Idirphlé Beartais leis an Aos Óg maidir leis an nGníomh um Chothroime Dhigiteach an 17 agus an 18 Meitheamh 2026;

– Taighde deisce ar litríocht acadúil, ailt, páipéir bheartais agus acmhainní ar líne atá ábhartha.

Cuireadh san áireamh freisin moltaí chomhchathaoirligh an Phainéil Speisialta maidir le sábháilteacht leanaí ar líne a foilsíodh an 13 Iúil 2026.

Tá tuarascáil achoimre ar an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara mar chuid d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Measúnú Tionchair. Foilsíodh tuarascáil achomair fhíorasach an Chomhairliúcháin Phoiblí an 19 Nollaig 2025[9].

Léiríodh san aiseolas ó na gníomhaíochtaí comhairliúcháin go raibh amhras ar pháirtithe leasmhara ar thaobh na dtomhaltóirí an bhféadfaí na bearta simpliúcháin a chumhdaítear leis an togra seo a chur chun feidhme gan cosaint tomhaltóirí a laghdú, agus thacaigh páirtithe leasmhara gnó leis an ngá le simpliú breise fós.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhraith an Coimisiún ar an staidéar meastóireachta seachtraí a thacaíonn leis an tSeiceáil Oiriúnachta, ar an staidéar seachtrach a thacaíonn leis an nGníomh um Chothroime Dhigiteach, ar shuirbhéanna ar údaráis, ar thaighde iompraíochta, ar Scórchlár Dhálaí na dTomhaltóirí, ar obair an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde agus ar litríocht acadúil neamhspleách. Déantar tagairt do na staidéir tacaíochta sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair.

- **Measúnú tionchair**

Cuirtear an rogha thosaíochta chun feidhme tríd an togra seo le haghaidh Treorach agus tríd an togra le haghaidh an Ghnímh um Chothroime Dhigiteach. Tacaítear leis an dá thogra le measúnú tionchair, ar eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála (BGR) tuairim dhearfach le forchoimeádais ina leith an 3 Iúil 2026. Tugadh aghaidh ar bharúlacha BGR sa Tuarascáil deiridh ar an Measúnú Tionchair.

Leis an togra seo le haghaidh Treorach, cuirtear chun feidhme na bearta simpliúcháin a choinnítear i roinn '6.7 Simpliú' den Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair: (i) ní gá do thrádálaithe faisnéis réamhchonarthach éigeantach a sholáthar faoin gceart chun tarraingt siar as conarthaí maidir le hábhar digiteach ar líne nuair nach bhfuil feidhm ag an gceart sin toisc go n-aontaíonn an tomhaltóir go sainráite rochtain láithreach a fháil ar an ábhar digiteach ar líne; (ii) i gcás síntiúis ábhair meán digiteach (fuaime agus físe), cuirtear an ceart chun an conradh a chur ar ceal le linn na chéad mhíosa in ionad an chirt chun tarraingt siar 14 lá atá ann faoi láthair, faoi réir an táille síntiúis iomlán a íoc le haghaidh na míosa sin (in ionad luach na seirbhísí arna soláthar go dtí an tarraingt siar a ríomh le haghaidh gach tomhaltóra); agus (iii) laghdaítear ceanglais faisnéise maidir le ceannacháin athchuairte ionaipe ar luach íseal.

Áirítear ann freisin bearta chun deireadh a chur le ceanglais fhorluiteacha agus chun comhsheasmhacht le reachtaíocht eile de chuid an Aontais a áirithiú: (i) Airteagal 16e de Threoir 2011/83/AE maidir le patrúin dhorcha i gcianchonarthaí le haghaidh seirbhísí

[9] *Public consultation on the Digital Fairness Act – Factual summary report* [Comhairliúchán poiblí maidir leis an nGníomh um Chothroime Dhigiteach – Tuarascáil achomair fhíorasach], Nollaig 2025.

airgeadais a bhaint toisc go bhfuil aghaidh á tabhairt ar phatrúin dhorcha ar bhealach cothrománach sa togra le haghaidh an Ghnímh um Chothroime Dhigiteach; (ii) ceanglais shonracha maidir le faisnéis do thomhaltóirí atá i dTreoir 2011/83/AE a bhaint, ceanglais a bhaineann le gnéithe a mholann trádálaithe go deonach agus a chumhdaítear le reachtaíocht eile de chuid an Aontais; (iii) an rogha rialála do na Ballstáit atá i dTreoir 2011/83/AE maidir le margaí ar líne a bhaint chun comhsheasmhacht le Creat Rialála Digiteach an Aontais a áirithiú; agus (iv) leasú a dhéanamh ar Airteagal 13 de Threoir 2002/58/CE maidir le r-phríobháideachas i ndáil le cumarsáid tráchtála gan iarraidh chun a cur i bhfeidhm maidir le cumarsáid idir gnólachtaí agus tomhaltóirí a eisiamh ós rud é go rialófar í sin sa Ghníomh um Chothroime Dhigiteach.

Ar an iomlán, cuirfidh an tionscnamh seo go dearfach le REFIT. Cé nárbh fhéidir an coigilteas a chainníochtú i ngach cás, meastar go mbeidh coigilteas foriomlán EUR 197,5 billiún ann i gcaitheamh 10 mbliana mar thoradh ar na bearta laghdaithe ualaigh sin.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is tionscnaimh REFIT iad an togra seo agus an togra le haghaidh an Ghnímh um Chothroime Dhigiteach. Tugtar aghaidh ar ghné an tsimplithe sa Mheabhrán Míniúcháin seo, agus tugtar aghaidh ar na bearta eile sa Mheabhrán Míniúcháin a bhaineann leis an togra le haghaidh an Ghnímh um Chothroime Dhigiteach.

Cruthaíonn na tograí seo tacar aonair rialacha a thabharfadh níos mó cinnteachta do gach rannpháirtí sa mhargadh. Beidh roghanna níos soiléire, níos neodraí ar líne ag tomhaltóirí, beidh praghsáil níos sothuigthe ar fáil dóibh agus beidh níos lú deacrachtaí acu agus iad ag dul le seirbhísí digiteacha, á n-úsáid nó á bhfágáil, rud a chuireann leis an iontaoibh. Níl le déanamh ag fiontair mhóra, a bhfuil acmhainneachtaí dlí agus comhlíontachta acu cheana, ach caighdeáin deartha agus straitéisí luacha airgid a athchalabrú, agus aistriú i dtreo samhlacha fadtéarmacha clúbhunaithe a laghdaíonn an tsolúbthacht ghearrthéarmach ach a mhéadaíonn intuarthacht agus a laghdaíonn an riosca forfheidhmithe. D'fhéadfadh ualach comhlíontachta tosaigh a bheith ar FBManna – comhéadain, próisis agus doiciméadacht a athdhearadh – mar gheall ar na bearta a áirítear sa togra le haghaidh an Ghnímh um Chothroime Dhigiteach, ach, an tráth céanna, tairbheoidh siad de laghdú ualaigh mar gheall ar na bearta simpliúcháin atá sa togra seo. Ina theannta sin, tar éis na n-athruithe tosaigh, tairbheoidh siad de thimpeallacht iomaíoch níos simplí agus níos trédhearcaí a chuirfidh ar a gcumas dóibh díriú ar cháilíocht agus ar nuálaíocht táirgí. Ar deireadh, tairbheoidh na húdaráis forfheidhmithe de rialacha agus uirlisí níos soiléire lena gcumasófar idirghabháil choisctheach níos luaithe, comhsheasmhacht níos fearr ar fud na mBallstát agus forfheidhmiú níos éifeachtúla.

Ar an iomlán, tá na tograí comhoiriúnach le cuspóirí iomaíochais an Aontais. Ní chothaíonn siad míbhuntáistí sistéamacha costais ná nuálaíochta agus soláthraíonn siad gnóthachain ghlana shoiléire d'iomaíochas FBManna, agus an nuálaíocht agus an iomaíocht á stiúradh i dtreo dinimic mhargaidh níos inbhuanaithe agus níos bunaithe ar iontaoibh ag an am céanna.

Leis na bearta simpliúcháin atá beartaithe, baintear coigiltis chostais athfhillteacha amach trí dheireadh a chur le hoibleagáidí iomarcacha faisnéise, trí idirbhearta athchuairte a chuíchóiriú agus ceanglais chomhlíontachta ilroinnte nó ar luach íseal a laghdú, gan na cuspóirí foriomlána maidir le cosaint láidir tomhaltóirí a chur i mbaol. Cé go bhfuil na coigiltis sin measartha ina n-aonar, tá siad struchtúrach agus bíonn siad ag carnadh le himeacht ama, go háirithe i gcás FBManna agus gnólachtaí digiteacha ardtoirte.

Tá na tograí in oiriúint don saol digiteach agus tá siad comhsheasmhach le hoibriú an idirlín. Leasaítear leo reachtaíocht an Aontais atá ann cheana agus tugtar isteach leo rialacha substainteacha nua maidir le cosaint tomhaltóirí gan bailiú, próiseáil, giniúint, malartú ná

comhroinnt sonraí a shainordú chun a gcuspóirí a bhaint amach. Ní éilítear leo ar ghnólachtaí teicneolaíochtaí agus réitigh shonracha a fhorbairt ná a úsáid ach oiread. Ar deireadh, ní fhorchuirtear leo forbairt seirbhísí poiblí sonracha a mbeadh modhanna digiteacha ag teastáil chun iad a chur chun feidhme.

- **Cearta bunúsacha**

Tá na bearta simpliúcháin dá bhforáiltear sa togra seo comhoiriúnach le hAirteagal 38 den Chairt toisc go gcaomhnaítear ardleibhéal cosanta tomhaltóirí leo. Cé go bhféadfadh roinnt beart atá sa togra le haghaidh an Ghnímh um Chothroime Dhigiteach teorainn a chur leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh (Airteagal 16 den Chairt), ní hamhlaidh atá i gcás na mbeart atá sa togra seo.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon mhéadú ar acmhainní daonna ná aon chostas eile don Choimisiún mar thoradh ar an dá thogra agus, dá bhrí sin, níl aon impleacht bhuiséadach acu. Ós rud é nach bhfuil impleacht bhuiséadach ná gné dhigiteach leis an togra, ní gá ráiteas reachtach airgeadais agus digiteach a sholáthar.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Is i bhfoirm treoir leasaitheach atá an togra. Ní mór do na Ballstáit an Treoir a thrasuí laistigh de 12 mí i ndiaidh di teacht i bhfeidhm agus na bearta trasuite náisiúnta a chur in iúl don Choimisiún trí mheán Themis. Tá an Coimisiún réidh le tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit chun an Treoir a chur chun feidhme.

Déanfar faireachán ar an dul chun cinn i dtreo cuspóirí an dá thogra a bhaint amach le sraith príomhtháscairí (atá liostaithe sa Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair). Déanfar coigeartú breise ar an gcreat faireacháin bunaithe ar na ceanglais deiridh a bheidh ann ó thaobh dlí agus cur chun feidhme de agus ar an amlíne.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar amach in Airteagal 1 den togra na leasuithe ar Threoir 2011/83/AE.

Leasaítear Airteagail 2, 3, 5, 6, 6a, 8, 9, 11a, 12, 14, 16, 16a, 16e agus 29 agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2011/83/AE.

Go sonrach, soiléirítear, i gcás ina n-iarrann tomhaltóirí, sula dtabharfar an conradh i gcrích, rochtain láithreach ar ábhar digiteach nach soláthraítear ar mheán inláimhsithe, rud a fhágann go gcailleann siad a gceart chun tarraingt siar as an gconradh de réir na heisceachta i bpointe (m) den chéad mhír d'Airteagal 16, ní cheanglaítear ar thrádálaithe faisnéis réamhchonarthach a sholáthar do thomhaltóirí faoin gceart chun tarraingt siar a bheith ann agus faoi choinníollacha an chirt sin.

I gcás síntiúis ábhair fuaime agus físe a cháilíonn mar chonarthaí seirbhíse, beidh an tomhaltóir in ann an conradh a chur ar ceal le linn na chéad mhíosa, faoi réir an mheántáille síntiúis iomlán a íoc ar feadh mí amháin, arna ríomh bunaithe ar fhad iomlán an chonartha. Cuirtear an riail sin in ionad oibleagáid an tomhaltóra an soláthróir a chúiteamh bunaithe ar

mhargadhluach na seirbhísí arna soláthar go dtí an tarraingt siar i gcomhréir leis na rialacha atá ann faoi láthair maidir le tarraingt siar ó chonarthaí seirbhísí.

Simplítear na hoibleagáidí faisnéise faoi Threoir 2011/83/AE i gcás mion-idirbhearta breise a thairgeann an trádálaí céanna don tomhaltóir laistigh de chonradh seirbhísí digiteacha atá ann cheana. Is é sin, i gcás micri-idirbheart den sórt sin, ní mór do thrádálaithe gan ach an fhaisnéis fhíor-riachtanach faoi na príomh-shaintréithe agus faoin bpraghas a sholáthar do thomhaltóirí gan faisnéis statach a athrá, amhail a gcéannacht agus a sonraí teagmhála.

Scriostar na ceanglais faisnéise maidir le beartas láimhseála gearán an trádálaí, cúnamh iardhíola do chustaiméirí, seirbhísí iardhíola agus ráthaíochtaí tráchtála, cóid iompair, agus rochtain ar shásraí gearán agus sásaimh lasmuigh den chúirt i gcás ina gcuireann trádálaithe áiseanna den sórt sin ar fáil.

Scriostar Airteagal 11a de Threoir 2011/83/AE maidir leis an bhfeidhm tarraingt siar toisc go n-aistrítear é chuig an nGníomh um Chothroime Dhigiteach.

Scriostar Airteagal 16e de Threoir 2011/83/AE, toisc go dtugtar isteach leis an nGníomh um Chothroime Dhigiteach rialacha cothrománacha maidir le dearaí comhéadain míthreoracha a bhfuil feidhm acu freisin maidir le conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda.

Le hAirteagal 2 den togra leasaítear Airteagal 13 de Threoir 2002/58/CE maidir le cumarsáid tráchtála gan iarraidh chun a cur i bhfeidhm maidir le cumarsáid idir gnólachtaí agus tomhaltóirí a eisiamh ós rud é go rialófar é sin sa Ghníomh um Chothroime Dhigiteach.

2026/0357 (COD)

Togra le haghaidh

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Treoracha 2011/83/AE agus 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha áirithe cosanta tomhaltóirí a shimpliú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[10],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sainaithníodh i Seiceáil Oiriúnachta 2024 ar dhlí tomhaltóirí an Aontais maidir le cothroime dhigiteach go bhféadfaí simpliú a dhéanamh agus an t-ualach a laghdú maidir le Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11].

(2) Le Treoir 2011/83/AE ceanglaítear ar an trádálaí faisnéis faoi na coinníollacha, faoin teorainn ama agus faoi na nósanna imeachta a bhaineann leis an gceart chun tarraingt siar agus leis an bhfoirm shamplach tarraingt siar a sholáthar don tomhaltóir, sula dtabharfar cianchonradh nó conradh seacháitribh i gcrích. I gcás conarthaí maidir le hábhar digiteach a sholáthar nach soláthraítear ar mheán inláimhsithe, cailleann an tomhaltóir an ceart chun tarraingt siar má tosaíodh an feidhmiú agus, i gcás ina gcuirtear d'oibleagáid ar an tomhaltóir leis an gconradh íocaíocht a dhéanamh, má thug an tomhaltóir réamhthoiliú sainráite leis an bhfeidhmiú a thosú agus má d'admhaigh sé go gcaillfí an ceart chun tarraingt siar dá bharr sin.

(3) I gcás ina dtabharfaidh an tomhaltóir an toiliú agus an admháil sin sula dtabharfar an conradh i gcrích agus go dtosóidh feidhmiú an chonartha díreach tar éis é a thabhairt i gcrích, ba cheart a shoiléiriú nach gá do thrádálaithe an fhaisnéis réamhchonarthach faoin gceart chun tarraingt siar agus an fhoirm shamplach tarraingt siar a sholáthar.

(4) Leis na rialacha maidir leis an gceart chun tarraingt siar a thugtar i dTreoir 2011/83/AE i ndáil le conarthaí seirbhíse, lena n-áirítear conarthaí maidir le hábhar digiteach a sholáthar, is féidir leis na tomhaltóirí an ceart chun tarraingt siar a

[10] IO C , , lch. .

[11] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/83/oj).

fheidhmiú freisin tar éis tús a bheith curtha le feidhmiú an chonartha. Sna cásanna sin, tá an trádálaí i dteideal méid a fháil atá i gcomhréir leis na seirbhísí a soláthraíodh sula bhfeidhmeoidh an tomhaltóir an ceart chun tarraingt siar, méid atá le ríomh ar bhonn an phraghais iomláin a comhaontaíodh. Tá feidhm ag na rialacha sin i dtaca leis an gceart chun tarraingt siar freisin maidir le síntiúis chun rochtain a fháil ar ábhar fuaime agus físe thar thréimhse ama a gcáilíonn siad mar chonarthaí maidir le seirbhísí digiteacha lena linn, is é sin le rá, tréimhse ama a dtairgeann siad ábhar lena linn de chineál dinimiciúil a théann níos faide ná soláthar cobhsaí agus, i gcás inarb infheidhme, soláthar leanúnach ábhair dhigitigh shonraigh.

(5) Is ar bhonn an cháis aonair féin a ríomhtar an méid atá le híoc ag an tomhaltóir i ngach cás, rud a chruthaíonn ualach riaracháin breise don soláthróir agus éiginnteacht do na tomhaltóirí. Dá bhrí sin, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart na rialacha maidir leis an gceart chun tarraingt siar i dTreoir 2011/83/AE a leasú i gcás conarthaí maidir le seirbhísí digiteacha arb é atá iontu síntiús chun rochtain a fháil ar ábhar fuaime nó físe a gcuirtear tús lena bhfeidhmiú sula dtéann an ceart chun tarraingt siar 14 lá in éag. Is é sin, ba cheart an tomhaltóir a bheith in ann tarraingt siar tráth ar bith laistigh de mhí amháin ó thabhairt i gcrích an chonartha, faoi réir an mhéid atá dlite as mí amháin a íoc leis an trádálaí i gcás síntiúis mhíosúla. I gcás síntiúis is faide ná mí amháin, ba cheart an méid sin a bheith comhfhreagrach do mheánphraghas na seirbhíse digití ar feadh mí amháin, arna ríomh ar bhonn an phraghais iomláin ar feadh fhad iomlán an chonartha, agus aon tréimhse lascaine le linn an tsíntiúis á cur san áireamh. Ós rud é go n-íocfadh an tomhaltóir a tharraingeoidh siar as an gconradh as tréimhse iomlán míosa an chonartha, ba cheart don trádálaí leanúint den tseirbhís dhigiteach a sholáthar don tomhaltóir go dtí deireadh na tréimhse sin.

(6) Tá méadú suntasach tagtha ar mhicri-idirbhearta ar mhargaí digiteacha chun ábhar digiteach nach soláthraítear ar mheán inláimhsithe a cheannach, arna dtabhairt i gcrích faoi chuimsiú na seirbhísí digiteacha, go háirithe i gcomhthéacs físchluichí. Soláthraíonn ábhar digiteach den sórt sin feidhmiúlachtaí agus gnéithe breise atá nasctha go dlúth leis an tseirbhís dhigiteach a sholáthair an trádálaí don tomhaltóir cheana féin.

(7) I gcás micri-idirbhearta den sórt sin ar luach íseal, níl sé riachtanach agus tá sé díréireach a cheangal ar thrádálaithe an tacar iomlán faisnéise réamhchonarthaí a leagtar síos i dTreoir 2011/83/AE a sholáthar. Ní gá an fhaisnéis maidir le céannacht agus sonraí teagmhála an trádálaí, na módúlachtaí íocaíochta agus feidhmíochta, nó cearta reachtúla ginearálta a bheith ann, mar shampla, a chur in iúl arís sula dtabharfar gach micri-idirbheart i gcrích toisc gur soláthraíodh an fhaisnéis sin cheana tráth a tugadh an conradh i gcrích le haghaidh na seirbhíse digití lena mbaineann.

(8) Dá bhrí sin, is iomchuí micri-idirbhearta ar luach íseal den sórt sin a dhíolmhú ó roinnt ceanglais faisnéise réamhchonarthaí a leagtar síos i dTreoir 2011/83/AE, agus an ceanglas atá ar na trádálaithe an fhaisnéis bhunriachtanach faoi phríomhthréithe agus faoi phraghas an mhicri-idirbhirt a sholáthar don tomhaltóir á choinneáil ar bun fós. Ba cheart do na trádálaithe a thairgeann micri-idirbhearta toiliú sainráite an tomhaltóra a fháil freisin, mar aon le hadmháil uaidh go gcaillfear an ceart chun tarraingt siar má dhéantar an micri-idirbheart láithreach.

(9) Áirítear i dTreoir 2011/83/AE ceanglais faisnéise maidir le beartas láimhseála gearán an trádálaí, cúnamh iardhíola do chustaiméirí, seirbhísí iardhíola agus ráthaíochtaí tráchtála, cóid iompair, agus sásraí gearán agus sásaimh lasmuigh den chúirt i gcás ina bhfuil áiseanna den sórt sin ar fáil. Nuair a thairgeann trádálaithe na háiseanna sin go

deonach chun a dtáirgí a chur chun cinn, tá dreasachtaí margadhbhunaithe acu chun tomhaltóirí a chur ar an eolas gurb ann dóibh agus faoi na príomhghnéithe a bhaineann leo gan é a bheith riachtanach sainordú a dhéanamh leis an dlí an fhaisnéis sin a sholáthar. Tá forluí idir roinnt de na ceanglais faisnéise sin agus ceanglais chomhchosúla i reachtaíocht eile de chuid an Aontais, is é sin, Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], lena leagtar síos oibleagáidí sonracha faisnéise do thrádálaithe maidir le sásraí gearán agus sásaimh lasmuigh den chúirt, agus Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], lena leagtar síos na ceanglais faisnéise maidir le ráthaíochtaí tráchtála. Dá bhrí sin, is iomchuí na ceanglais faisnéise sin a bhaint as Treoir 2011/83/AE chun an creat rialála a shimpliú.

(10) Le Treoir 2011/83/AE, cuirtear toirmeasc ar dhearadh éagórach comhéadain ar líne i gconarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda. Le Rialachán (AE) …/… [*cuir isteach uimhir an Ghnímh um Chothroime Dhigiteach*], tugtar isteach rialacha cothrománacha maidir le dearaí éagóracha comhéadain ar líne a bhfuil feidhm acu freisin maidir le conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda. Chun dúbailt na rialacha a sheachaint, ba cheart an fhoráil lena mbaineann agus na tagairtí di a bhaint de Threoir 2011/83/AE.

(11) Le Treoir 2011/83/AE, cuirtear d'oibleagáid ar thrádálaithe a thairgeann conarthaí a thabhairt i gcrích trí chomhéadan ar líne, a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí tarraingt siar as conarthaí trí fheidhm tarraingt siar ar líne a úsáid. Le Rialachán (AE) …/… [*cuir isteach uimhir an Ghnímh um Chothroime Dhigiteach*], tugtar isteach rialacha cothrománacha maidir le dearadh cothrom comhéadain, lena n-áirítear an oibleagáid ar thrádálaithe feidhm ar líne a sholáthar chun an ceart chun tarraingt siar agus foirceannadh conartha a fheidhmiú. Chun dúbailt na rialacha a sheachaint, ba cheart an fhoráil maidir leis an bhfeidhm um tharraingt siar agus na tagairtí di a bhaint de Threoir 2011/83/AE.

(12) Le Treoir 2011/83/AE, ceadaítear do na Ballstáit ceanglais bhreise faisnéise a fhorchur ar sholáthraithe margaí ar líne. Leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] ceanglais faisnéise chothrománacha atá comhchuibhithe go hiomlán le haghaidh soláthraithe margaí ar líne. Faoin Rialachán sin, níor cheart do na Ballstáit ceanglais náisiúnta bhreise a ghlacadh ná a choinneáil ar bun maidir leis na hábhair a thagann faoina raon feidhme. Chun comhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart an fhoráil lena mbaineann agus na tagairtí di a bhaint de Threoir 2011/83/AE.

---

12 Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (an Treoir maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/11/oj).

13 Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22.5.2019, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/771/oj).

14 Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj).

(13) Le Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], cosnaítear síntiúsóirí agus úsáideoirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí ar chumarsáid gan iarraidh chun críoch margaíochta dírí. Tá an chosaint sin an-ábhartha do thomhaltóirí agus tá sí á comhtháthú i Rialachán (AE) [*cuir isteach uimhir an Ghnímh um Chothroime Dhigiteach*]. Chun dúbailt rialacha sa Ghníomh um Chothroime Dhigiteach agus i dTreoir 2002/58/CE a sheachaint, is gá Treoir 2002/58/CE a leasú chun cur i bhfeidhm a rialacha maidir le cumarsáid gan iarraidh i gcaidreamh gnó le tomhaltóirí a eisiamh.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart Treoracha 2011/83/AE agus 2002/58/CE a leasú dá réir.

(15) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, is é sin dlí tomhaltóirí an Aontais a shimpliú, a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú leo féin agus, de bharr chineál uile-Aontais na faidhbe, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Threoir 2011/83/AE*

Leasaítear Treoir 2011/83/AE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (12):

‘(12) ciallaíonn ‘seirbhís airgeadais’ aon seirbhís de chineál baincéireachta, creidmheasa, árachais, pinsean pearsanta, infheistíochta nó íocaíochta, lena n-áirítear seirbhísí cripteashócmhainní;’

(b) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(22) ciallaíonn ‘micri-idirbheart’ conradh maidir le hábhar digiteach a sholáthar nach soláthraítear ar mheán inláimhsithe:

(a) a thugtar i gcrích faoi chuimsiú conradh seirbhísí digiteacha atá ann cheana idir an trádálaí céanna agus an tomhaltóir céanna;

(b) atá nasctha go dlúth le feidhmiú na seirbhíse digití sin trí ábhar breise nó gnéithe breise a sholáthar; agus

(c) nach bhfuil an íocaíocht atá le déanamh ag an tomhaltóir ina leith níos mó ná EUR 50 nó a choibhéis in airgeadra fiorúil a úsáideann an trádálaí.’;

(2) in Airteagal 3(1b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

I gcás cianchonarthaí a thugtar i gcrích idir trádálaí agus tomhaltóir chun seirbhísí airgeadais a sholáthar, ní bheidh feidhm ach ag Airteagail 1 agus 2, Airteagal 3(2), (5) agus (6), Airteagal 4, Airteagal 6a, Airteagal 8(6), Airteagail 16a go 16d,

[15] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37 ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

Airteagal 19, Airteagail 21 go 23, Airteagal 24(1) agus (6), Airteagail 25 go 27 agus Airteagal 29.'

(3) in Airteagal 5(1), scriostar pointe (ec);

(4) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (g) agus (h):

'(g) na socruithe maidir le híocaíocht, seachadadh, lena n-áirítear roghanna seachadta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, feidhmíocht, an t-am faoina ngabhfaidh an trádálaí air féin na hearraí a sheachadadh nó na seirbhísí a fheidhmiú;

(h) i gcás ina bhfuil ceart chun tarraingt siar ann, na coinníollacha, an teorainn ama agus na nósanna imeachta maidir leis an gceart sin a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 11(1), chomh maith leis an bhfoirm shamplach tarraingt siar a leagtar amach in Iarscríbhinn I(B) agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoin bhfeidhm tarraingt siar dá dtagraítear in Airteagal [*cuir isteach uimhir an Airteagail maidir leis an bhfeidhm tarraingt siar*] de Rialachán (AE) .../… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle * [*cuir isteach uimhir an Ghnímh um Chothroime Dhigiteach*] a bheith ann agus faoi shuíomh na feidhme sin, ach amháin más rud é, roimh thabhairt i gcrích an chonartha maidir le hábhar digiteach a sholáthar nach soláthraítear ar mheán inláimhsithe, gur chomhaontaigh an tomhaltóir tús a chur le feidhmiú an chonartha díreach tar éis thabhairt i gcrích an chonartha i gcomhréir le hAirteagal 16, an chéad mhír, pointe (m).'

---

* Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … (IO…ELI…).';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

'(j) má fheidhmíonn an tomhaltóir an ceart chun tarraingt siar tar éis dó iarraidh a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 7(3) nó Airteagal 8(8), beidh an tomhaltóir faoi dhliteanas costais réasúnta a íoc leis an trádálaí i gcomhréir le hAirteagal 14(3), nó, i gcás conradh le haghaidh seirbhísí digiteacha arb é atá ann síntiús chun rochtain a fháil ar ábhar fuaime agus físe má fheidhmíonn an tomhaltóir an ceart chun tarraingt siar de bhun Airteagal 9(1b), beidh an tomhaltóir faoi dhliteanas meánphraghas na seirbhíse a íoc leis an trádálaí ar feadh mí amháin arna ríomh ar bhonn fhad iomlán an chonartha;';

(iii) scriostar pointí (m), (n) agus (t);

(iv) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcás micri-idirbheart, soláthróidh an trádálaí an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (e), don tomhaltóir.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Féadfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointí (h), (i) agus (j), den Airteagal seo a sholáthar trí na treoracha samplacha tarraingt siar a leagtar amach in Iarscríbhinn I(A). Beidh na ceanglais faisnéise a leagtar síos i mír 1, pointí (h), (i)

agus (j), den Airteagal seo comhlíonta ag an trádálaí i gcás inar thug an trádálaí na treoracha sin don tomhaltóir agus iad líonta isteach i gceart aige. Na tagairtí don tréimhse tarraingt siar 14 lá sna treoracha samplacha tarraingt siar a leagtar síos in Iarscríbhinn I(A), cuirfear tagairtí do thréimhse tarraingt siar 30 lá ina n-ionad i gcásanna inar ghlac Ballstáit rialacha i gcomhréir le hAirteagal 9(1a), nó cuirfear tagairtí do thréimhse tarraingt siar míosa amháin ina n-ionad i gcás conarthaí seirbhíse digití arb é atá iontu síntiús chun rochtain a fháil ar ábhar fuaime agus físe thar thréimhse ama dá dtagraítear in Airteagal 9(1b).;

(5) in Airteagal 6a, scriostar mír 2;

(6) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘2. Má chuirtear an tomhaltóir faoi oibleagáid íocaíocht a dhéanamh mar gheall ar chianchonradh atá le tabhairt i gcrích le modh leictreonach, cuirfidh an trádálaí an tomhaltóir ar an eolas ar bhealach soiléir feiceálach, agus díreach sula gcuirfidh an tomhaltóir a ordú isteach, faoin bhfaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 6(1), pointí (a), (e), (la), (o) agus (p), agus i gcás micri-idirbheart, faoin bhfaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 6(1), pointí (a) agus (e)’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Má thugtar an conradh i gcrích le modh cianchumarsáide lena dtugtar méid teoranta spáis nó ama le haghaidh an fhaisnéis a sholáthar, tabharfaidh an trádálaí, ar an modh áirithe sin nó tríd an modh áirithe sin, sula dtabharfar an conradh sin i gcrích, ar a laghad an fhaisnéis réamhchonarthach a leagtar amach in Airteagal 6(1), pointí (a), (b), (e), (h) agus (o), seachas an fhoirm shamplach tarraingt siar a leagtar amach in Iarscríbhinn I(B) dá dtagraítear i bpointe (h). Maidir leis an bhfaisnéis eile dá dtagraítear in Airteagal 6(1), lena n-áirítear an fhoirm shamplach tarraingt siar, tabharfaidh an trádálaí don tomhaltóir í ar bhealach iomchuí i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo. I gcás micri-idirbheart, sula dtabharfar an conradh i gcrích, tabharfaidh an trádálaí, ar na modhanna cianchumarsáide sin nó tríothu, an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 6(1), pointí (a) agus (e).’;

(c) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

‘7. Soláthróidh an trádálaí deimhniú an chonartha arna thabhairt i gcrích don tomhaltóir, ar mheán marthanach laistigh de thréimhse réasúnta tar éis thabhairt i gcrích an chianchonartha, agus ar a dhéanaí tráth a sheachadfar na hearraí nó sula gcuirfear tús le feidhmiú na seirbhíse nó le soláthar ábhair dhigitigh nach soláthraítear ar mheán inláimhsithe. Áiritheofar sa dheimhniú sin:’;

(7) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 1a:

‘1b. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, i gcás conarthaí maidir le seirbhísí digiteacha arb é atá iontu síntiús chun rochtain a fháil ar ábhar fuaime agus físe thar thréimhse ama, i gcás inar iarr an tomhaltóir go sainráite go dtosófaí ar fheidhmiú an chonartha díreach tar éis thabhairt i gcrích an chonartha, beidh tréimhse míosa amháin ag an tomhaltóir chun tarraingt siar as an gcianchonradh nó as an gconradh seacháitribh, gan aon chúis a thabhairt, agus gan aon chostas a thabhú seachas na costais dá bhforáiltear in Airteagal 14.’;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

‘2. Gan dochar d’Airteagal 10, rachaidh an tréimhse tarraingt siar dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo in éag tar éis 14 lá nó, i gcásanna ina bhfuil rialacha glactha ag na Ballstáit i gcomhréir le mír 1a den Airteagal seo, 30 lá tar éis an lae seo a leanas, nó i gcás conarthaí dá dtagraítear i mír 1b den Airteagal seo, mí tar éis an lae seo a leanas:’;

(8) scriostar Airteagal 11a;

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

‘Airteagal 12

Éifeachtaí a bhaineann le tarraingt siar

1. Tríd an gceart chun tarraingt siar a fheidhmiú, foirceannfar oibleagáidí na bpáirtithe:

(a) an cianchonradh nó an conradh seacháitribh a fheidhmiú; nó

(b) an cianchonradh nó an conradh seacháitribh a thabhairt i gcrích, i gcás ina ndearna an tomhaltóir tairiscint.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, i gcás ina bhfeidhmeoidh an tomhaltóir an ceart chun tarraingt siar as conradh maidir le seirbhísí digiteacha arb é atá ann síntiús chun rochtain a fháil ar ábhar fuaime agus físe thar thréimhse ama de bhun Airteagal 9(1b), comhlíonfaidh an trádálaí an conradh go dtí deireadh na tréimhse tosaigh mí amháin.’;

(10) in Airteagal 14, cuirtear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 3:

‘3a. De mhaolú ar mhíreanna 2a agus 3 den Airteagal seo, i gcás ina bhfeidhmeoidh an tomhaltóir an ceart chun tarraingt siar as conradh seirbhíse digití arb é atá ann síntiús chun rochtain a fháil ar ábhar fuaime agus físe thar thréimhse ama de bhun Airteagal 9(1b), íocfaidh an tomhaltóir meánphraghas na seirbhíse leis an trádálaí ar feadh mí amháin mar a leagtar amach sa chonradh agus arna ríomh ar bhonn fhad iomlán an chonartha.’;

(11) in Airteagal 16a(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (s):

‘(s) treoracha praiticiúla agus nósanna imeachta praiticiúla chun an ceart chun tarraingt siar i gcomhréir le hAirteagal 16b(1) a fheidhmiú, lena léirítear, *inter alia*, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an trádálaí nó mionsonraí faoi mhodhanna eile cumarsáide atá ábhartha maidir leis an ráiteas tarraingt siar a sheoladh agus, i gcás conarthaí seirbhísí airgeadais arna dtabhairt i gcrích trí chomhéadan ar líne, faisnéis faoin bhfeidhm tarraingt siar dá dtagraítear in Airteagal [*cuir isteach uimhir an Airteagail maidir leis an bhfeidhm tarraingt siar*] de Rialachán (AE) .../... [*cuir isteach uimhir an Ghnímh um Chothroime Dhigiteach*] a bheith ann agus a suíomh.’;

(12) scriostar Airteagal 16e;

(13) in Airteagal 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina mbainfidh Ballstát úsáid as aon cheann de na roghanna rialála dá dtagraítear in Airteagal 3(4), Airteagal 6(7), Airteagal 6(8), Airteagal 7(4), Airteagal 8(6), Airteagal 9(1a) agus (3), Airteagal 16, an dara agus an tríú mír, Airteagal 16a(2) agus (9), Airteagal 16b(7) cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin faoin 19 Nollaig 2025, agus faoi athruithe ar bith ina dhiaidh sin.’.

(14) I gcuid A d'Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe [6] de na 'Treoracha maidir le líonadh isteach':

'[6] I gcás conradh le haghaidh soláthar seirbhísí nó soláthar uisce, gáis nó leictreachais, i gcás nach gcuirfear ar díol iad ina dtoirt theoranta nó ina gcainníocht sheasta, nó téimh ceantair, cuir isteach an méid seo a leanas: 'Má d'iarr tú go dtosófaí feidhmiú na seirbhísí nó sholáthar an uisce/gáis/leictreachais/téimh ceantair [*scrios i gcás nach infheidhme*] le linn na tréimhse tarraingt siar, íocfaidh tú suim linn a bheidh i gcomhréir leis an méid a soláthraíodh go dtí go mbeidh do tharraingt siar as an gconradh seo curtha in iúl agat dúinn, i gcomparáid le cumhdach iomlán an chonartha/íocfaidh tú linn an meántháille as mí amháin de do shíntiús [*scrios i gcás nach infheidhme*].'

*Airteagal 2*

*Leasuithe ar Threoir 2002/58/CE*

In Airteagal 13, cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

'(7) Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le trádálaithe a dhíríonn cumarsáid gan iarraidh chun críoch margaíochta dírí ar úsáideoirí nó síntiúsóirí ar tomhaltóirí iad.'

*Airteagal 3*

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú, faoin [12 mí ón teacht i bhfeidhm] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [12 mhí ón teacht i bhfeidhm].

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |